Tuairisc aontaithe curtha ar fáil d'fhoireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí:

Cruinniú Bord Bainistíochta 13ú Samhain 2018

CLÁRÚ: - 52 CLÁRAITHE DO 2019-2020

- Tá múinteoirí ag obair ar thionscnaimh fé leith chun forbairt a dhéanamh ar Mhúineadh agus Foghlaim: Ceannaireacht Theagascach: G, W (cáilithe) T, S, F, U, Guth an Scoláire F, W, T., Plean Feabhsúcháin Scoile (Polasaí Oideachais Gaeltachta) A, C, G, K, J.

DALTAÍ:

- Bhí turas go Corcaigh chun an dráma An Triail a fheiscint. C
- Tháinig cuairteoir ó Chlár nag Comhlachtaí. R, F
- Bhí turas éiceolaíochta ag bliain 6 Bitheolaíocht. B
- Bhí go leor gníomhaíochtaí ag oidí ranga chun na daltaí a spreagadh.
- Bhí turas ag bl. 1 a bhuaigh an duais mar Gaeilgeoirí na míosa. K
- Bhí turas Staire go Corcaigh ag bl. 1. V
- Chuaigh bl. 5 & 6 go Corcaigh chun freastal ar Thaispeántas Gairme. M.
- Bhí raidhse daltaí thar a bheith cabhrach ag an oíche oscailte agus go deimhin ag an lá do rang 6.
- Tá Comhairle na nDaltaí á chur le chéile fé láthair. G

IDIRBHLIAIN:

- Gan amhras d'imíodar go Ceapach na Laoi. S
- Tá cúrsaí déanta acu i scannánaíocht, tiomaint (x2), Gnó,
- Tháinig cainteoirí ón gcumann an mbailte slachtmhara.

SPÓRT:

Bhí go leor cluichí peile, iománaíochta, camógaíochta agus traenáil go dtí seo i mbliana. B,G, S, W, N.

AOI-CHAINTEOIRÍ / CUIRÍ

Tuairisc aontaithe curtha ar fáil d'fhoireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí:

Tháinig cuairteoirí chun labhairt faoi Scéim na scol i UCC.

TUISMITHEOIRÍ:

Tá Comhairle na dTusimitheoirí tar éis teacht le chéile cúpla uair fén dtráth seo agus maidin chaife eagraithe acu don 25ú Samhain anseo sa choláiste.

MÚINTEOIRÍ:

- Tá Shane Ó Duinneacha ceaptha ina Phríomhoide Cúnta I. Tá sé i bhfeidhil ar Scúduithe agus Measúnaithe Tí agus Stáit, chomh maith le bolscaireacht a dhéanamh ar son na scoile.
- Tá triúr ag staidéar go páirt-aimseartha. L, G, T.
- Tá "measúnaithe na Nollag" le tosnú sar i bhfad ag bl. 3 & 6. Múnla nua.
- Beidh scrúduithe ansin ag bl. 1, 2,5.

FORBAIRTÍ:

Forbairt na Scoile (Foirgneamh)

- Lorg an ROS eolas i mí Meán Fómhair ar chlárúcháin amach anseo.
- Tá páirc ilaimseartha á thógail béaldorais linn anseo. Tá Comhairle Pobail agus Cheantair Bhaile Mhúirne ag lorg go mbeadh teacht ag an bpobail ar áiseanna páirceáilte. An buntáiste a bheadh ann dúinn ná go mbeadh teacht ag daltaí na scoile ar an áisi rith an lae, gan chostas.

Tuarascáil ar Bainistíocht Riosca

- Tá soilse slándála nua á chur isteach chun tosaigh.
- Tá cúpla guthán póca nua faighte againn (do turasanna agus don phríomhoide).
- Tá córas nua gutháin sa scoil.